C/2026/2835

29.5.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/2835)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Morellino di Scansano'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-A1260-AM04 — 13.3.2026

1. **Ainm an táirge**

'Morellino di Scansano'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta – An Roinn Biafhlaithis agus Eachaíochta – An Ard-Stiúrthóireacht um Cháilíocht Agraibhia a Chur Chun Cinn – PQA I

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Deimhnímid go gcomhlíonann an formheas ar an leasú caighdeánach seo agus an teachtaireacht maidir leis na coinníollacha chun leasú caighdeánach a fhormheas faoi Rialachán (AE) 2024/1143 agus na forálacha arna nglacadh dá bhun.

Tagann an leasú sin faoin sainmhíniú ar 'leasú caighdeánach' dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc:

— nach bhfuil i gceist leis athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná i gcatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

— nach bhfuil baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

— nach bhfuil aon srian breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

An téarma ‘Superiore’ [ardcháilíocht] a chur isteach

Tuairisc

Cuireadh an cineál ‘Superiore’ isteach.

Baineann an leasú seo le hAirteagail 1, 2, 4, 5, 6 agus 10 den tsonraíocht táirge, agus le Ranna 6 (Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta), 7.2 (Uastáirgeacht) agus 10 (Nasc leis an limistéar geografach) den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Meascán de chineálacha fíniúna le haghaidh ‘Morellino di Scansano’ ar a bhfuil an téarma ‘Riserva’

Tuairisc

Leasaíodh an meascán de chineálacha fíniúna le haghaidh ‘Morellino di Scansano’ ar a bhfuil an téarma ‘Riserva’ chun céatadán íosta chineál Sangiovese a ardú ó 85 % go 90 %, rud a laghdaíonn céatadán na gcineálacha comhlántacha ó 15 % go 10 %.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge, lena gcuirtear isteach mír 2.2 nua.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Uastáirgeacht fíonchaor in aghaidh an heicteáir

Tuairisc

In Airteagal 4(5) den tsonraíocht táirge, cuireadh isteach an uastáirgeacht fíonchaor in aghaidh an heicteáir don chineál a tugadh isteach le déanaí ar a bhfuil an téarma ‘Superiore’ agus laghdaíodh an táirgeacht le haghaidh ‘Morellino di Scansano’ ar a bhfuil an téarma ‘Riserva’ ó 9 dtona go 8 dtona in aghaidh an heicteáir.

Baineann an leasú le hAirteagal 4(5) den tsonraíocht táirge agus le Roinn 7.2 (‘Uastáirgeacht’) den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Uastáirgeacht fíonchaor/fíona agus neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte

Tuairisc

Athraíodh foclaíocht Airteagal 5(1) den tsonraíocht táirge chun na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

— méadaíodh an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte den chineál ar a bhfuil an téarma ‘Riserva’ ó 12,00 % go dtí 12,50 %.

— áiríodh luachanna le haghaidh uastáirgeacht fíonchaor/fíona agus neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte le haghaidh an chineáil a tugadh isteach le déanaí ar a bhfuil an téarma ‘Superiore’.

Baineann an leasú le hAirteagal 5(1) den tsonraíocht táirge agus le Roinn 6 (Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta) den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Bainistiú barrachais

Tuairisc

Cuireadh abairt maidir leis an mbarrachas táirgeachta a bhainistiú le hAirteagal 5(1) den tsonraíocht táirge.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5(1) den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Scaoileadh lena thomhailt den chineál ar a bhfuil an téarma 'Superiore'

Tuairisc

Rialaíodh scaoileadh lena thomhailt den chineál 'Morellino di Scansano' a tugadh isteach le déanaí ar a bhfuil an téarma 'Superiore' tríd an mír seo a leanas a chur le hAirteagal 5:

'I gcás fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint "Morellino di Scansano" acu ar a bhfuil an téarma "Superiore", ní cheadaítear iad a scaoileadh lena dtomhailt ach ón 1 Eanáir den dara bliain tar éis na buainte.'

Baineann an leasú le hAirteagal 5(6) den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Scaoileadh luath lena thomhailt

Tuairisc

In Airteagal 5(7), cuireadh isteach an abairt seo a leanas a bhaineann le scaoileadh luath lena thomhailt:

Mar sin féin, má tá dálaí aeráide nó margaidh ar leith ann, ar choinníoll go bhfuil na tréithe ceimiceacha, fisiceacha agus orgánaileipteacha íosta a leagtar síos in Airteagal 6 thíos bainte amach ag fíon 'Morellino di Scansano' dá dtagraítear thuas, féadfaidh Réigiún na Tuscáine, tar éis dó dul i gcomhairle leis na comhlachais tionscail agus leis na heagraíochtaí gairmiúla sa réigiún, arna iarraidh sin i scríbhinn ón Consorzio di Tutela, scaoileadh lena thomhailt roimh an 1 Márta den bhliain tar éis na buainte a údarú agus in aon chás laistigh d'uastréimhse 2 mhí.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5(7) den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Saintréithe tráth a thomhailte

Tuairisc

A mhéid a bhaineann le saintréithe maidir le tomhaltas, rinneadh na leasuithe seo a leanas:

— i gcás Morellino di Scansano caighdeánach, scriosadh an tuairisceoir 'cumhraithe';

— i gcás Morellino di Scansano ar a bhfuil an téarma 'Superiore', cuireadh isteach na tuairisceoirí uile a bhaineann le saintréithe an chineáil a tugadh isteach le déanaí lena scaoileadh lena thomhailt;

— athraíodh foclaíocht na habairte ina dtugtar tuairisc ar an bhféidearthacht imireacha adhmaid a bhrath i ndáil le stóráil i gcoimeádáin adhmaid.

Baineann an leasú le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge agus le Roinn 6 (Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta) den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Deireadh a chur leis an oibleagáid an trádmharc cláraithe a úsáid

Tuairisc

Baineadh an ceanglas an trádmharc atá cláraithe ag an gCuibhreannas a úsáid sa bhanda aitheantais a chuirtear in ionad mharc an Stáit.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Nasc leis an limistéar geografach

Tuairisc

Tugadh an nasc leis an limistéar geografach cothrom le dáta le tagairtí don chineál nua 'Superiore'. Tugadh an nasc leis an limistéar geografach sa doiciméad aonair i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge freisin.

Baineann an leasú le hAirteagal 10 den tsonraíocht táirge agus le Roinn 10 (Nasc leis an limistéar geografach) den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Ceartúcháin eagarthóireachta

Tuairisc

Rinneadh ceartúcháin eagarthóireachta ar théacs na sonraíochta chun earráidí cló a bhaint, chun an téacs a dhéanamh níos soiléire agus chun na tagairtí dlíthiúla a thabhairt cothrom le dáta. Go háirithe:

— Airteagal 1: cuireadh 'cineálacha' in ionad 'cineál';

— Airteagal 2(1): scriosadh na focail 'dá dtagraítear in Airteagal 1'; cuireadh 'ón gcineál fíniúna' in ionad 'ó na cineálacha fíniúna seo a leanas' agus scriosadh tagairtí dlíthiúla don fhoraithne lena bhformheastar clár náisiúnta na gcineálacha fíniúna le haghaidh fíniúna coiteanna;

— Airteagal 4(6): scriosadh an abairt dheireanach, ós rud é go bhfuil an fhoráil ann cheana in Airteagal 5, agus go meastar, dá bhrí sin, go bhfuil sí iomarcach;

— Airteagal 5(3): tugadh ainm na hAireachta inniúla cothrom le dáta;

— Airteagal 6(1): cuireadh an frása 'dá dtagraítear in Airteagal 1' in ionad an fhrása 'agus Morellino di Scansano ar a bhfuil an téarma Riserva'.

— Airteagal 7(5): cuireadh an frása 'dá dtagraítear in Airteagal 1' in ionad an fhrása 'agus Morellino di Scansano ar a bhfuil an téarma Riserva'.

Baineann an leasú le hAirteagail 1, 2(1), 4(6), 5(3), 6(1) agus 7(5) den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

An tagairt don chomhlacht rialúcháin a scriosadh.

Tuairisc

Leasaíodh an t-airteagal sa tsonraíocht ina raibh tagairtí don chomhlacht rialúcháin, agus cuireadh tagairt d'fhoilseachán ar shuíomh gréasáin oifigiúil údarás inniúil an Bhallstáit in ionad na faisnéise.

Baineann an leasú le hAirteagal 11 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Morellino di Scansano'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-A1260-AM04 — 13.3.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Morellino di Scansano'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Iodáil

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear iad i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Táirge fíniúna

Red Morellino di Scansano

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

dath: dath dearg an rúibín, agus dath an ghairnéid ag teacht air le haois

Dea-bholadh

cumhracht: casta, dian, deas, mín

Blas

blas: tirim, te, beagán tainneach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

D'fhéadfadh blas beagán adhmadach a bheith ar fhíonta a stóráiltear i gcoimeádáin adhmaid.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	4,50
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,50 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 24,0 g/l

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Morellino di Scansano Riserva dearg

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

dath: dath dearg an rúibín, agus dath an ghairnéid ag teacht air le haois

Dea-bholadh

cumhracht: casta, dian, deas, mín

Blas

blas: tirim, te, beagán tainneach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

D'fhéadfadh blas beagán adhmadach a bheith ar fhíonta a stóráiltear i gcoimeádáin adhmaid.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 13,00 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 26,0 g/l

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Morellino di Scansano Superiore dearg

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

dath: dath dearg an rúibín, agus dath an ghairnéid ag teacht air le haois

Dea-bholadh

cumhracht: casta, dian, deas, mín

Blas

blas: tirim, te, beagán tainneach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

D'fhéadfadh blas beagán adhmadach a bheith ar fhíonta a stóráiltear i gcoimeádáin adhmaid.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 13,00 % de réir toirte

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 24,0 g/l

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

—

Ní bhaineann le hábhar

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Morellino di Scansano

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	9 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Morellino di Scansano Superiore agus Riserva

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	8 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Sangiovese N.

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Fíonchaora atá beartaithe chun fíonta a tháirgeadh ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Morellino di Scansano', ní mór iad a tháirgeadh laistigh den limistéar lena gcuimsítear an raon cnoc i gcúige Grosseto idir aibhneacha Ombrone agus Albegna, lena n-áirítear críoch riaracháin iomlán bhardas Scansano agus cuid de bhardais Manciano, Magliano sa Tuscáin, Grosseto, Campagnatico, Semproniano agus Roccalbegna i gcúige Grosseto.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

A) Mionsonraí an limistéir gheografaigh

1. Tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Cuimsíonn an limistéar geografach sainithe an limistéar cnocach in oirdheisceart chúige Grosseto, idir aibhneacha Ombrone agus Albegna, lena n-áirítear críoch iomlán bhardas Scansano, cuid mhór de bhardas Magliano sa Tuscáin agus cuid níos lú de bhardais Manciano, Grosseto, Campagnatico, Semproniano agus Roccalbegna. Cuimsíonn an limistéar lena mbaineann raon cnoc agus bunchnoc, a thiteann ón tuaisceart agus ón oirthear ó dheas i dtreo mhachaire Albinia agus a thiteann siar i dtreo chósta Thoirian agus mhachaire Grossetana.

Athraíonn an mheánteocht thart ar + 15,0 °C, le + 7,0 °C agus + 24,0 °C le haghaidh mhíonna an gheimhridh agus an tsamhraidh faoi seach.

Bíonn an mheánbháisteach thart ar 620 mm. Is i míonna an fhómhair agus an gheimhridh a bhíonn an fhrasaíocht den chuid is mó, ina mbíonn maidhmeanna stoirme go minic, le earraigh agus samhraí an-tirim. Tá an aeráid sa limistéar te agus tirim, agus is é an triomach a tharlaíonn arís is arís eile an phríomhthoisc theorannaithe le haghaidh táirgeadh talmhaíochta. Is sna míonna ó mhí na Samhna go mí Aibreáin is mó a thiteann an bháisteach, agus titeann cuid mhaith di san oirthear.

Ó thaobh na moirfeolaíochta de, saintréith de chuid an limistéir is ea an tír-raon cnocach, atá níos coitianta ná ardchláir bheaga. Tá na cnoic is mó sa chuid thuaidh den limistéar agus is iad an dobharcheantar is mó in imchuacha Ombrone agus Osa-Albegna iad. Is é 250 méadar os cionn leibhéal na farraige an mheán-airde atá i réim, ag titim go 30-40 méadar i roinnt limistéar seachtrach de na hísealchríocha. Is é 566 mhéadar os cionn leibhéal na mara an airde uasta.

Ó Poggioferro go Scansano, éiríonn luí na talún agus é ag titim i dtreo chósta Thoirian, cé is moite de rilíf Montebottigli, níos lú agus níos lú garbh agus míchothrom go dtí go sroicheann sé cnocáin bheaga nó machairí réidhe.

Tá saintréithe measartha aonfhoirmeach ag geolaíocht an limistéir san iarthar, áit a bhfuil rilíf ghaineamhchloiche shiliciúil nó de chineál pietraforte i réim, agus san oirthear, tugann foirmíochtaí aolchloiche agus scealla cuma níos casta agus níos garbh dó. Tá uigeacht dúrabháin siolta nó dúrabháin ghainmhigh ag na hithreacha sa chuid thiar a dhíorthaítear ón ngaineamhchloch, áit a mbíonn an t-imoibriú fo-aigéadach go halcaileach de ghnáth, agus bíonn uigeacht dúrabháin siolta nó dúrabháin chréúil acu sa chuid thoir a dhíorthaítear ó na foirmíochtaí aolchloiche áit a mbíonn an t-imoibriú alcaileach de ghnáth.

Ní bhíonn na hithreacha an-domhain de ghnáth, agus bíonn an bhuncharraig le feiceáil in go leor cásanna.

2. Tosca daonna is ábhartha don nasc

Tá nasc láidir idir tosca daonna agus an comhshaol ós rud é go bhfuil traidisiún seanbhunaithe ag daoine sa limistéar fíonsaothrúcháin fíonta 'Morellino di Scansano' a tháirgeadh.

Tá bunús ársa ag saothrú fíniúnacha in Scansano agus i limistéir máguaird, agus téann fianaise go bhfuil sé ann siar go dtí na hÉatrúscaigh, mar a léirítear le fionnachtana uirlisí talmhaíochta chun fíonchaora a phrúnáil agus a bhuain ag láithreán seandálaíochta Ghiaccioforte.

Le linn na tréimhse meánaoisí, léiríonn sleachta suimiúla ó scoláirí agus ó thaighdeoirí na dálaí ithreach agus aeráide den scoth a chuireann limistéar Scansano ar fáil chun fíniúnacha a shaothrú go luachmhar. Sna Meánaoiseanna, d'aithin rialtóirí agus tiarnaí feodacha gur gá talamh atá oiriúnach don bharr sin a dheonú, ar leithligh, talamh a bhí faoi chosaint ag forálacha reachtúla sonracha.

Nuair a bhí talamh fheodach agus chomhchoiteann á roinnt, luadh lamháltais talún i limistéir fíonsaothrúcháin go sainráite: i reachtanna Chomhphobail Cotone, Montorgiali agus Scansano, bhí na rialacha a leagadh síos chun fíniúnacha agus fíonchaora a chosaint an-dian, sa chaoi gur ghearr siad fíneáil ar úinéirí ainmhithe a rinne damáiste do na fíniúnacha.

Téann an chéad fhaisnéis mhionsonraithe nó a ordaíodh go heolaíoch maidir le táirgeadh siar go 1813, nuair a luaigh 'Maire della Comune di Scansano', i litir a seoladh chuig Leas-Mhaor Cheantar Grosseto, gur táirgeadh 5 540 heictilítear fíona, ar ardchaighdeán den chuid is mó, i limistéar Scansano an bhliain roimhe sin.

Dúirt Luigi Villafranchi-Giorgini, i nóta a léadh in 1847 leis an Società Agraria Grossetana, go raibh stoc fíniúna ag Gairdíní Luibheolaíocha Pisa a bhí 5 eil ar airde – 2,92 méadar — agus imlíne 4 eil — 2,36 méadar — ó 'Castagneta Valle', i mbardas Scansano.

In 1884, i staidéar ar fhorbairt na talmhaíochta, na tionsclaíochta agus na trádála i gcúige Grosseto, thuairiscigh Giacomo Barabino ardcháilíocht fhíonta Magliano, Pereta agus Scansano.

An 21 Nollaig 1884, thionóil Vannuccio Vannuccini, gnáthchomhalta den Accademia dei Georgofili, comhdháil in Scansano chun tacú leis an ngá atá le comharchumann saothróirí fíniúna.

Téann tuarascáil stairiúil eile maidir le fíonsaothrúchán i limistéar Scansano siar go dtí 1887, nuair a d'fhoilsigh Luigi Vannuccini monagraf maidir le 'Fíniúnacha gearrghais a shaothrú le tacaí aon-spoir nó aon-phéacáin i limistéar Scansano i ndáil le fíniúnacha toim nó cuachphrúnála gan tacaí'.

Cuireann 'Festa dell'Uva' (féile fíonchaor) tuilleadh fianaise ar fáil ar an gcaoi a bhfuil an traidisiún fíonsaothrúcháin fréamhaithe go domhain sa limistéar, ceiliúradh atá nasctha leis an tréimhse bhuainte, atá á reáchtáil in Scansano ó bhí 1969 ann sna scórtha fíonlann meánaoiseach sa limistéar, rud a léiríonn traidisiún forleathan táirgthe a bhfuil tóir air maidir le tomhaltas teaghlaigh agus díol.

Deimhnítear i bhfoilseachán ó Chigireacht Talmhaíochta Chúige Grosseto maidir le 'Viticoltura Grossetana', a foilsíodh in 1972, ina leagtar amach torthaí taighde stairiúil ar bhunús agus ar leathnú fíniúnacha i limistéir chnocacha an chúige, an ríthábhacht a bhaineann le fíonta Scansano, a bhfuil cáil orthu le breis agus céad bliain as a gcáilíocht agus a seilfré den scoth.

Dá bhrí sin, bhain saothrú fíniúnacha agus táirgeadh fíona in Scansano aitheantas amach mar 'Denominazione di Origine Controllata' (ainmniúchán tionscnaimh cláraithe) in 1978 agus mar 'Denominazione di Origine Controllata e Garantita' (ainmniúchán tionscnaimh cláraithe agus ráthaithe) in 2006.

Tá ról ag tosca daonna maidir leis an sainmhíniú beacht ar na gnéithe teicniúla seo a leanas den táirgeadh, ar dlúthchuid den tsonraíocht táirge iad:

— Meascán de chineálacha fíniúna sna fíonghoirt: is é Sangiovese an príomhchineál fíniúna atá oiriúnach do tháirgeadh fíonta Morellino di Scansano, Morellino di Scansano Riserva agus Morellino di Scansano Superiore, a fhástar i gcónaí sa limistéar geografach lena mbaineann.

— Úsáidtear modhanna traidisiúnta treoraithe fíniúnacha, scaradh plandaí agus córais phrúnála, lena n-áirítear le haghaidh planduithe nua, chun an leagan amach is fearr agus is éifeachtúla de na fíniúnacha ar an talamh a bhaint amach, chomh maith le bainistiú éifeachtúil an duilliúir a chumasú chun limistéar duilliúir iomchuí, dea-nochta a fháil, lena n-áirítear trí phrúnáil ghlas agus trí thanú na bhfíonchaor. Coinníonn sé sin táirgeacht fíonchaor go dtí na teorainneacha a leagtar síos sa tsonraíocht, 9 000 kg in aghaidh an heicteáir i gcás Morellino di Scansano agus 8 000 kg in aghaidh an heicteáir i gcás Morellino di Scansano Riserva agus Morellino di Scansano Superiore, le huastáirgeacht 3 kg in aghaidh an phlanda.

— Déantar an fíon trí úsáid a bhaint as cleachtais thraidisiúnta a úsáideadh le fada sa limistéar chun fíonta dearga socra a dhéanamh, agus idirdhealú oiriúnach á dhéanamh idir na cineálacha caighdeánacha, Riserva agus Superiore. Baineann an cineál Riserva le fíonta dearga níos struchtúrtha, a dteastaíonn íostréimhse aosaithe san adhmad uathu chun iad a tháirgeadh.

Baineann an cineál Superiore le fíonta dearga ag a bhfuil táirgeacht fíonchaor níos ísle in aghaidh an heicteáir agus neart alcóil íosta níos airde de réir toirte, a mbaineann tréimhse aosaithe níos faide lena dtáirgeadh sula scaoiltear lena dtomhailt iad.

B) Mionsonraí maidir le cáilíocht nó saintréithe an táirge atá inchurtha go bunúsach nó go heisiach i leith na timpeallachta geografaí

Tagraíonn ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Morellino di Scansano' do na cineálacha caighdeánacha, 'Riserva' agus 'Superiore', a bhfuil, ó thaobh anailíse agus orgánaileipteacha de, saintréithe an-soiléir agus sainiúil iontu, mar a dtugtar tuairisc air in Airteagal 6 den tsonraíocht táirge, rud a fhágann go bhfuil siad inaitheanta go soiléir agus tipiciúil don timpeallacht gheografach. Go háirithe, tá cion íseal aigéadachta ag gach cineál. Bíonn dath dearg an rúibín orthu, a fhorbraíonn, sa chineál Riserva, i dtreo dhath an ghairnéid. Tá a chumhracht dian, fíonmhar agus leathan, a chuireann torthaí dearga foraoise i gcuimhne; sa chineál Riserva, bíonn dea-bholaithe adhmaid níos láidre agus bíonn mionbholaithe spíosra agus torthaí níos aibí orthu freisin. Bíonn blas tirim, te agus beagán tainneach ar an gcineál caighdeánach; tá na heilimintí sin le fáil sa chineál Riserva freisin, a bhfuil iarbhlas níos faide air.

Saintréith den chineál Superiore is ea cion alcóil níos airde agus coinnítear é níos faide sa siléar sula scaoiltear lena thomhailt é, rud a fhágann go bhfuil an táirge níos scagtha.

C) Tuairisc ar an idirghníomhaíocht chúisíoch idir na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe A agus na mionsonraí dá dtagraítear i bpointe B

Le topagrafaíocht chnocach an limistéir táirgeachta agus nochtadh na bhfíonghort soir/soir ó dheas den chuid is mó, atá suite i limistéir atá an-oiriúnach do shaothrú fíniúnacha, cruthaítear timpeallacht atá gaofar agus geal go hiomchuí lena soláthraítear dálaí fáis fabhracha do na plandaí.

Agus na limistéir táirgeachta á roghnú, tugtar tús áite do thalamh a bhfuil nochtadh maith aige, rud a fhágann go bhfuil sí oiriúnach chun fíonta ardcháilíochta a tháirgeadh, gan talamh ar urlár an ghleanna a áireamh.

Téann stair fhada an fhíonsaothrúcháin sa réigiún siar go dtí an tréimhse Éatrúscach, trí na Meánaoiseanna go dtí an lá atá inniu ann, mar a léirítear san iliomad doiciméad. Is é sin an cruthúnas bunúsach ar an dlúthnasc agus ar an idirghníomhaíocht idir tosca daonna agus cáilíocht agus saintréithe ar leith fhíon 'Morellino di Scansano'.

Léiríonn sé an chaoi ar thug daoine sa limistéar sin, i gcaitheamh na gcéadta blianta, saothrú fíniúna traidisiúnta agus teicnící fíoneolaíocha ar aghaidh, ar nithe iad a ndearnadh scagadh orthu agus a gcuireadh barr feabhais orthu sa lá atá inniu ann a bhuí leis an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch gan séanadh atá déanta, rud a fhágann go bhfuil an cháil chéanna ar na fíonta sa lá atá inniu ann.

Aithníodh DOCG 'Morellino di Scansano' le Foraithne Aireachta an 14 Samhain 2006.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Morellino di Scansano - Buidéalú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Buidéalú laistigh den limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Ní mór an buidéalú nó an pacáistiú a dhéanamh laistigh den limistéar geografach sainithe.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Morellino di Scansano - Fíonóireacht

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Ceadaítear fíonóireacht lasmuigh den limistéar i saoráidí atá suite gar do theorainneacha an limistéir táirgeachta, ar choinníoll go bhfuil siad suite laistigh de 2 000 méadar i líne dhíreach, agus go bhfuil siad faoi úinéireacht gnóthas a bhí ag déanamh fhíon 'Morellino di Scansano' ar feadh 5 bliana ar a laghad ó dháta theacht i bhfeidhm Fhoraithne Aireachta an 23 Iúil 2010. Tá ceadanna faoi réir iarratais agus is í Aireacht an Bheartais Talmhaíochta, Bia agus Foraoiseachta a eisíonn iad.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Morellino di Scansano - Lipéadú agus cur i láthair

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Is féidir an t-ainm 'Toscana' mar aonad geografach níos mó a áireamh ar an lipéadú agus nuair a thaispeántar fíonta ATFC 'Morellino di Scansano'. Ní mór an t-ainm geografach níos leithne 'Toscana' a theacht i ndiaidh an ainm 'Morellino di Scansano' agus a bheith faoin téarma sonrach traidisiúnta *denominazione di origine controllata e garantita* (ainmniúchán tionscnaimh cláraithe agus ráthaithe nó DOCG) nó foclaíocht *denominazione di origine protetta* (ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó ATFC) an Aontais Eorpaigh, agus a bheith san ord seo a leanas: - Morellino di Scansano - *Denominazione di origine controllata e garantita* nó *Denominazione di origine protetta* (nó an giorrúchán DOCG nó D.O.C.G.) - Toscana. Ní mór méid chlófhoireann an ainm 'Toscana' a bheith níos lú ná méid chlófhoireann an ainm 'Morellino di Scansano' agus ní mór an chlofhoireann chéanna, an stíl chéanna, an spásáil chéanna, an suntas céanna, an dath céanna agus an déine dhathmhéadrach chéanna a úsáid le haghaidh an dá cheann. Ní mór an fhaisnéis uile a liostaítear sa dara mír a bheith le feiceáil ar chúlra aonfhoirmeach.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Morellino di Scansano - Pacáistiú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Ní fhéadfar fíonta ATFC 'Morellino di Scansano' a scaoileadh lena dtomhailt ach amháin i gcoimeádáin ghloine ar chruth 'Bordeaux', agus toirt ainmniúil suas le 6 lítear iontu. Tá úsáid fhormáidí speisialta eile 9-, 12- agus 15- lítear teoranta do chuspóirí fógraíochta agus neamhthráchtála.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Morellino di Scansano — Córais dúnta

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Is iad na córais dúnta a cheadaítear na córais sin a leagtar síos sna rialacháin atá i bhfeidhm, cé is moite de chaipíní. Ní cheadaítear scriúchlaibíní a úsáid ach amháin le haghaidh buidéil ghloine ag a bhfuil toilleadh 0,750 lítear nó níos lú, cé is moite d'fhíon Morellino di Scansano Riserva.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/24070